CINNEADH (CBES) 2021/1838 ÓN gCOMHAIRLE

an 18 Deireadh Fómhair 2021

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/824 a bhaineann le Rialacháin Foirne Lárionad Satailítí an Aontais Eorpaigh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint do Chinneadh 2014/401/CBES ón gComhairle an 26 Meitheamh 2014 maidir le Lárionad Satailítí an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2001/555/CBES maidir le Lárionad Satailítí an Aontais Eorpaigh a bhunú ([1]), agus go háirithe Airteagal 8(5) de,

Ag féachaint don togra ó Ard-Ionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, ina cháil mar chathaoirleach ar Bhord Lárionad Satailítí an Aontais Eorpaigh,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is gníomhaireacht de chuid an Aontais é Lárionad Satailítí an Aontais Eorpaigh (SATCEN), atá cleamhnaithe leis na hEagraíochtaí Comhordaithe. I bhfianaise an chásdlí le déanaí ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, ba cheart Rialacháin Foirne Lárionad Satailítí an Aontais Eorpaigh a ghlac an Chomhairle an 15 Bealtaine 2017 le Cinneadh (CBES) 2017/824 ([2]) ("na Rialacháin Foirne SATCEN") a ailíniú le Rialacháin Foirne Oifigigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh, arna leagan síos i Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 ón gComhairle ([3]), agus le Rialacháin Foirne na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint ([4]). Ba cheart, leis na Rialacháin Foirne SATCEN, foráil a dhéanamh go háirithe do dhlínse Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh chun rialú ar dhíospóidí idir SATCEN agus a bhaill foirne ar an mbealach céanna agus a dhéantar i ndíospóidí idir aon seirbhíseach de chuid an Aontais agus a fhostóir nó a fostóir.

(2) Ar thogra ó Stiúrthóir SATCEN, tá leasuithe comhfhreagracha tarraingthe suas ag Bord SATCEN ar Rialacháin SATCEN, le go nglacfaidh an Chomhairle iad,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/824 mar a leanas:

(1) i gCaibidil VIII, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

"**Achomhairc**";

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 28:

"Airteagal 28

Achomhairc

1. Aon duine lena mbaineann na Rialacháin Foirne seo, féadfaidh sé iarraidh ar an Stiúrthóir cinneadh a dhéanamh maidir le cúrsaí a bhaineann leis a chumhdaítear leis na Rialacháin Foirne seo. Tabharfaidh an Stiúrthóir fógra don duine lena mbaineann maidir lena chinneadh réasúnaithe laistigh de 4 mhí ón dáta a ndearnadh an iarraidh. Mura mbeidh freagra faighte ar an iarraidh sin faoi dheireadh na tréimhse sin, measfar gurb ionann sin agus cinneadh intuigthe i gcoinne na hiarrata, agus féadfar gearán a thaisceadh i gcoinne an chinnidh sin i gcomhréir leis na míreanna seo leanas:

([1]) IO L 188, 27.6.2014, lch. 73.

([2]) Cinneadh (CBES) 2017/824 an 15 Bealtaine 2017 maidir le Rialacháin Foirne Lárionad Satailítí an Aontais Eorpaigh (IO L 123, 16.5.2017, lch. 7).

([3]) Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 ón gComhairle an 29 Feabhra 1968 lena leagtar síos Rialacháin Foirne Oifigigh na gComhphobal Eorpach agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile na gComhphobal Eorpach agus lena dtionscnaítear bearta speisialta is infheidhme ar bhonn sealadach maidir le hoifigigh an Choimisiúin (IO L 56, 4.3.1968, lch. 1).

([4]) Cinneadh (AE) 2016/1351 ón gComhairle an 4 Lúnasa 2016 maidir le Rialacháin Foirne an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint, lena n-aisghairtear Cinneadh 2004/676/CE (IO L 219, 12.8.2016, lch. 1).

2. Aon duine lena mbaineann na Rialacháin Foirne seo, féadfaidh sé gearán a chur faoi bhráid an Stiúrthóra i gcoinne gnímh a dhéanann difear díobhálach dó, i gcás ina bhfuil cinneadh déanta ag an Stiúrthóir sin nó inar mhainnigh sé beart a ghlacadh a fhorordaítear leis na Rialacháin Foirne seo. Ní mór an gearán a thaisceadh laistigh de 3 mhí. Is ar na dátaí seo a leanas a thosóidh an tréimhse sin:

(a) an dáta a bhfoilseofar an gníomh más beart de chineál ginearálta é;

(b) an dáta a dtabharfar an fógra faoin gcinneadh don duine lena mbaineann, ach gan a bheith níos déanaí in aon chás ná an dáta a bhfuair an duine sin an fógra sin, más beart é a dhéanann difear do dhuine sonraithe; i gcás, áfach, maidir le gníomh a dhéanann difear do dhuine sonraithe, gur gníomh é de chineál a dhéanfaidh difear díobhálach do dhuine eile, tosóidh an tréimhse i leith an duine eile sin ar an dáta a bhfaighidh sé an fógra ach ní thosóidh sí níos déanaí ná an dáta foilsithe in aon chás;

(c) an dáta a mbeidh deireadh leis an tréimhse a fhorordaítear maidir le freagra a fháil i gcás ina mbaineann an gearán le cinneadh intuigthe lena ndiúltaítear d'iarraidh amhail dá bhforáiltear i mír 1.

3. Tabharfaidh an Stiúrthóir fógra don duine lena mbaineann maidir lena chinneadh réasúnaithe laistigh de 4 mhí ón dáta a ndearnadh an gearán a thaisceadh. Mura bhfaightear freagra ar an ngearán sin faoi dheireadh na tréimhse sin, measfar gurb ionann sin agus cinneadh intuigthe i gcoinne na hiarrata, agus féadfar achomharc a thaisceadh faoi mhír 5 i gcoinne an chinnidh sin.

I gcás freagra diúltach, féadfaidh an ball foirne idirghabháil a iarraidh. Níl idirghabháil den sórt sin éigeantach.

4. Ceapfaidh an Stiúrthóir idirghabhálaí ar feadh tréimhse inathnuaite 3 bliana.

Beidh an t-idirghabhálaí ina shaineolaí cáilithe neamhspleách dlí. Tabharfaidh an Stiúrthóir agus an ball foirne lena mbaineann gach doiciméad dó a mheasfaidh sé a bheith riachtanach chun an cás a scrúdú.

Cuirfidh an t-idirghabhálaí a chonclúidí isteach laistigh de 2 mhí ón dáta a cuireadh an cás in iúl dó.

Ní bheidh na conclúidí sin ina gceangal ar an Stiúrthóir ná ar an mball foirne.

Seasfaidh SATCEN costais na hidirghabhála má dhiúltaíonn an Stiúrthóir na conclúidí; íocfaidh an ball foirne 50 % de na costais má dhiúltaíonn sé glacadh leis na torthaí.

5. Beidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ('an Chúirt Bhreithiúnais') in aon díospóid a bheidh ann idir SATCEN agus aon duine lena mbaineann na Rialacháin Foirne seo maidir le dlíthiúlacht gnímh a dhéanann difear díobhálach don duine sin de réir bhrí mhír 2.

I gcás díospóidí de chineál airgeadais, beidh dlínse neamhtheoranta ag an gCúirt Bhreithiúnais.

Féadfaidh baill foirne achomharc a dhéanamh os comhair Chúirt Bhreithiúnais, faoi réir na nithe seo a leanas:

(a) ní ghlacfar le hachomharc chuig Cúirt Bhreithiúnais ach amháin, más rud é:

  (i) go ndearnadh gearán a chur faoi bhráid an Stiúrthóra roimhe sin de bhun mhír 2 laistigh den tréimhse a fhorordaítear inti, agus

  (ii) gur diúltaíodh don ghearán trí chinneadh sainráite nó trí chinneadh intuigthe.

(b) déanfar achomhairc faoi phointe (a) a chur isteach taobh istigh de 3 mhí. Tosóidh an tréimhse sin:

  (i) ar an dáta a bhfógraítear an cinneadh a rinneadh mar fhreagairt ar an ngearán, nó

  (ii) i gcás gur achomharc é a dhéantar i gcoinne cinnidh intuigthe lena ndiúltaítear do ghearán a rinneadh de bhun mhír 2, ar an dáta a mbeidh deireadh leis an tréimhse a fhorordaítear i leith an fhreagra a fháil; mar sin féin, i gcás ina ndiúltófar do ghearán trí chinneadh sainráite tar éis an gearán a bheith diúltaithe trí chinneadh intuigthe ach sula mbeidh an tréimhse chun achomharc a thaisceadh caite, tosóidh as an nua an tréimhse chun achomharc a thaisceadh.

(c) de mhaolú ar phointe (b), féadfaidh an duine lena mbaineann, tar éis dó gearán a chur faoi bhráid an Stiúrthóra de bhun mhír 2, achomharc a dhéanamh láithreach chun na Cúirte Breithiúnais, ar choinníoll go mbeidh iarratas ar bhac ar fhorghníomhú an ghnímh a chonspóidtear nó iarratas ar bhearta eatramhacha a ghlacadh ag gabháil leis an achomharc sin. Déanfar na himeachtaí sa phríomhchaingean a bheadh os comhair na Cúirte Breithiúnais a chur ar fionraí go dtí go ndéanfar an cinneadh sainráite nó an cinneadh intuigthe lena ndiúltófar don ghearán.";

(3) scriostar Iarscríbhinn X.

Airteagal 2

Gabhfaidh éifeacht leis an gCinneadh an 1 Samhain 2021. Foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 18 Deireadh Fómhair 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES